CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE

# Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)

## Torthaí Foghlama: Teanga

- Teanga Ó Bhéal – e.g. Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird; gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile; stór focal; léiriú tuisceana.
- Léitheoireacht – e.g. Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach; fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail; stór focal; líofacht agus féincheartú
- Scríbhneoireacht – e.g. Rannpháirtíocht; litriú agus staidéar ar fhocail; stór focal

## Torthaí foghlama/cuspóirí ábhair: ábhar

Mar gheall ar an défhócas a bhaineann le FCÁT, tabharfar aghaidh freisin ar chuspóirí ábhair/Torthaí Foghlama ón ábhar/réimse curaclaim roghnaithe le linn FCÁT.

## Cad is FCÁT ann?

San Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT), tarlaíonn foghlaim agus teagasc ábhair/réimse curaclaim nach teanga é, trí theanga atá éagsúil le teanga teagaisc na scoile. Mar shampla an Tíreolaíocht a mhúineadh trí *Ghaeilge*. Cuireann FCÁT **fíordheiseanna comhtháthaithe** ar fáil ar fud an churaclaim agus méadaíonn sé an teagmháil atá ag páistí leis an **sprioctheanga** trí leathnú a dhéanamh ar úsáid na teanga mar mhodh cumarsáide agus teagaisc i gcomhthéacsanna saoil taobh amuigh de cheachtanna teanga scoite.

Chun críche an Ábhair Tacaíochta seo, glactar leis gurb í an Ghaeilge an teanga teagaisc FCÁT i scoil lán-Bhéarla.

## Cothromaíocht a fháil idir Teanga agus Ábhar i FCÁT

Níor chóir go ndéanann FCÁT simpliú ar ábhar foghlama an ábhair/réimse curaclaim nach teanga é. Tá sé riachtanach **cothromaíocht** a fháil idir **foghlaim ábhair** agus **foghlaim teanga**. Leis seo a chinntiú, moltar do mhúinteoirí:

- An teanga atá ag teastáil le haghaidh FCÁT a aithint agus a fhiosrú **roimh** cheachtanna FCÁT
- Deiseanna a chur ar fáil chun **úsáid fhiúntach a bhaint as teanga i gcomhthéacsanna idirghníomhacha** le linn ceachtanna FCÁT
- A chinntiú go bhforbraíonn na **páistí scileanna agus eolas nua san ábhar/réimse curaclaim nach teanga é** i gceachtanna FCÁT
- **Measúnú a dhéanamh** ar **fhoghlaim teanga** agus ar **fhoghlaim ábhair**




## Na Cineálacha Teanga in FCÁT

Ní mór foghlaim teanga in FCÁT a mheas de réir dhá chineál teanga:

- Tagraíonn **Teanga an Ábhair nó '*Content obligatory language*'** don saintéarmaíocht atá ag teastáil leis an ábhar a fhoghlaim ón ábhar/réimse curaclaim roghnaithe.
- Tagraíonn **Teanga Tacaíochta nó '*Content compatible language*'** do theanga níos ginearálta nach mór do pháistí úsáid a bhaint aisti agus iad ag foghlaim. Áirítear freisin ann frásaí chun freagairt d'obair páistí eile agus tacaíocht a iarraidh ar an múinteoir. Tá liosta de na frásaí níos ginearálta seo ar fáil ar leathanach 6 den Ábhar Tacaíochta seo.

# Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)

Smaoinigh ar an *teanga tacaíochta* a chur ar taispeáint de réir mar a thugtar na frásaí éagsúla isteach ionas gur féidir le páistí tagairt a dhéanamh dóibh nuair is gá i gcomhthéacsanna foghlama foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon.

Tá sé riachtanach aird a tharraingt ar an **dá chineál teanga** ionas go n-éireoidh le FCÁT.
Le **cothromaíocht a chinntiú idir an teanga agus an t-ábhar**, ba cheart don mhúinteoir na focail agus na frásaí a bhaineann le ***teanga an ábhair*** agus an ***teanga tacaíochta*** a aithint, iad **a fhiosrú** leis na páistí agus **dul siar a dhéanamh orthu go minic roimh an gceacht FCÁT**. Déantar plé níos mó air seo sa chéad chuid eile 'FCÁT: Ag Cur Tús Leis.'

## FCÁT: Ag Cur Tús Leis

1. Mar chuid **den ullmhúchán** d'úsáid FCÁT, cinntigh go mbainfear **úsáid shuntasach** as **Gaeilge neamhfhoirmiúil** agus **Gaeilge mar theanga bhainistíochta**. Cinnteoidh sé seo go leagfaí bunchloch le hábhar/réimse curaclaim nach teanga é a mhúineadh trí Ghaeilge. Déanfaidh sé seo aird páistí a mhéadú ar úsáid na Gaeilge taobh amuigh de cheachtanna Gaeilge scoite.
2. Roghnaigh **ábhar/réimse curaclaim** do FCÁT a thacaíonn le **foghlaim idirghníomhach** a rachaidh páistí **i mbun cumarsáide lena chéile agus leis an múinteoir** lena linn
3. Nuair atá an topaic don cheacht FCÁT roghnaithe taobh istigh den ábhar/réimse curaclaim, aithin ***teanga an ábhair* agus *teanga tacaíochta*** ábhartha a bheidh ag teastáil ó pháistí le dul in mbun FCÁT
4. **Fiosraigh** na focail agus na frásaí **roimh an rang/na ranganna FCÁT** agus **téigh siar orthu go minic sna laethanta roimh FCÁT** le cinntiú go bhfuil cur amach ag na páistí ar na focail agus na frásaí seo. D'fhéadfaí seo a dhéanamh mar chuid de ranganna Gaeilge scoite agus go neamhfhoirmiúil. D'fhéadfadh go mbeadh gá le go leor ionchur i bhformáidí éagsúla agus ba cheart deiseanna chun na focail/ frásaí a chloisteáil agus a úsáid i réimse comhthéacsanna a chur leis an gcéim ullmhúcháin seo.
5. Déan machnamh ar na **hacmhainní foghlama agus teagaisc** FCÁT go cúramach.

   Nuair atá acmhainní nua á gcruthú:
   - ✓ bain úsáid as **abairtí gearra** le **Gaeilge intuigthe**
   - ✓ smaoinigh ar **athrá a dhéanamh ar na struchtúir/stór focal céanna** más gá
   - ✓ bain úsáid as **íomhánna** agus **léaráidí**
   - ✓ cuir **tacaíochtaí amhairc** san áireamh nuair is cuí (tá liosta de na samplaí ar leathanach 6 den Ábhar Tacaíochta seo)

   Nuair atá athruithe á ndéanamh ar acmhainní atá ann cheana féin:
   - ✓ **bain** sonraí atá iomarcach
   - ✓ **simpligh** an téacs, **á laghdú** más gá
   - ✓ cuir **sainmhínithe/mínithe** leo
   - ✓ cuir **íomhánna** agus **léaráidí** leo
   - ✓ bain úsáid as **tacaíochtaí amhairc** (tá liosta de na samplaí ar fáil ar leathanach 6 den Ábhar Tacaíochta seo)
6. Cinntigh go gcuireann an **ghníomhaíocht/tasc FCÁT** atá beartaithe deiseanna ar fáil úsáid a bhaint as focail agus frásaí nua (agus atá ar eolas cheana féin) **i gcomhthéacs** agus **le comhscoláírí**. D'fhéadfadh an ghníomhaíocht/ tasc béim a leagan ar theanga ó bhéal, léitheoireacht nó scríbhneoireacht, nó beidh cur chuige níos comhtháite ag baint le cuid eile.



# Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)

## Vignette FCÁT


Is sampla é seo a leanas de mhúinteoir atá ag ullmhú do FCÁT le rang sóisearach. Tar éis úsáid shuntasach na Gaeilge a chinntiú mar theanga bhainistíochta thar roinnt seachtainí, tá an múinteoir seo ag ullmhú le húsáid a bhaint as FCÁT ina rang. Roghnaigh siad Plandaí agus Ainmhithe laistigh de Nithe Beo san Eolaíocht agus beidh na páistí ag foghlaim faoi **shaolré an fhroig**. Rachaidh na páistí i mbun **obair bheirte** ansin **ag léiriú agus ag déanamh cur síos** ar na céimeanna éagsúla sa phróiseas.

**Aithnítear an teanga seo a leanas roimh** an gceacht Eolaíochta FCÁT agus mar atá leagtha amach thíos, cinntíonn an múinteoir go ndéanann siad an stór focal a thabhairt isteach in abairtí agus i bhfoirmeacha éagsúla (*tuiseal ainmneach, tuiseal tabharthach, tuiseal ginideach srl.*):

| | |
|---|---|
| **'Teanga an Ábhair' nó 'Content obligatory language'** | Ubh, torbán, babaí frog, frog fásta, glóthach, lochán, san Earrach, eireaball, cos, cosa, snámh, léim.<br>San Earrach, fásann an frog.<br>Seo í an ubh. Tá sí sa lochán.<br>Seo é an torbán/babaí frog/frog fásta. Tá sé sa lochán.<br>Tá cosa/eireaball ar an _____.<br>Is féidir leis an bhfrog léim anois.<br>Srl. |

| | |
|---|---|
| **'Teanga Tacaíochta' nó 'Content compatible language'** | Frásaí don ghníomhaíocht bheirte:<br>Gearr amach, greamaigh, dathaigh, ar dtús, ansin, ar deireadh, anois, siosúr, gliú, criáin, inis dom faoin ____.<br>Ar dtús, gearr amach na pictiúir.<br>Ansin, greamaigh an ____.<br>Srl. |

*Tugtar an teanga seo isteach **go fisiúil agus ag baint úsáid as comharthaí coirp agus modhanna eile**.* **Téann an múinteoir siar** air le linn na seachtaine **i gcomhthéacsanna éagsúla**. Mar shampla, i gCorpoideachas glacfaidh na páistí páirt i ngníomhaíocht aclaíochta leis an gcorp a théamh a bhaineann úsáid as na focail '*ubh*', '*torbán*' agus '*glóthach*'. Cinnteoidh sé seo go mbeidh an deis ag na páistí na focail agus na frásaí a chloisteáil sula mbaineann siad úsáid as an teanga seo le hábhar a fhoghlaim sa cheacht eolaíochta FCÁT. Cuirtear cuid de na focail **intuigthe** ar taispeáint ar luaschártaí ach leagtar an bhéim is mó ar ionchur ó bhéal agus úsáid na teanga.



**an frog**

Tá an frog ag fás.

Tá an frog ag snámh.

Tá cosa ar an bhfrog.

Cinntigh go mbainfear úsáid as agus go gcuirfear an spriocthteanga ar taispeáint i bhfoirmeacha éagsúla (m.sh in abairt i gcomhthéacs, *tuiseal ainmneach, tabharthach, ginideach srl.*)

Agus an acmhainn teagaisc don cheacht/do na ceachtanna FCÁT á hullmhú, déanann an múinteoir **acmhainn atá ann cheana a athrú** – cur i láthair ar chlár bán i mBéarla. **Baineann siad sonraí atá iomarcach** agus baineann siad **úsáid as Gaeilge intuigthe** sa leagan a bhfuil eagarthóireacht déanta air. Sa deireadh, cinntíonn an múinteoir nach mbíonn an fhoghlaim ábhair san eolaíocht thíos leis mar thoradh ar an bhfoghlaim trí *Ghaeilge*.

Bainfidh an múinteoir úsáid as **Gaeilge intuigthe chomh maith le gluaiseachtaí/comharthaí coirp** agus **athrá** agus gach céim den saolré á míniú do na páistí, ag tarraingt na bhfocal/bhfrásaí isteach a bhfuil fiosrú déanta ag na páistí orthu cheana féin (m.sh. ubh, seo é an ____ srl.).

Agus machnamh á dhéanamh ar an tasc/ gníomhaíocht FCÁT, tá an múinteoir airdeallach gur chóir don tasc a bheith de nádúr idirghníomhach agus comhoibríoch le cinntiú go mbainfear úsáid as ***teanga an ábhair*** agus an ***teanga tacaíochta***. Roghnaíonn an múinteoir tasc ina **léireoidh** agus ina **ndéanfaidh na páistí cur síos** ar gach céim de shaolré an fhroig. Déanfaidh an múinteoir machnamh cúramach ar conas cur síos a dhéanamh ar an tasc, agus bainfidh siad úsáid as **treoracha soiléire trí athrá, íomhánna agus comharthaí coirp**.

I rith an cheachta, bainfidh an múinteoir úsáid as réimse teicnící measúnaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus le haiseolas a thabhairt ó thaobh foghlaim teanga agus foghlaim

# Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)

ábhair araon. Déanfar taifead ar bhearnaí i bhfoghlaim teanga agus foghlaim ábhair, tabharfar aghaidh ar chuid acu seo sa chonclúid, agus cuirfidh cuid eile bonn eolais faoi ullmhúchán amach anseo. Déanfar gach iarracht a dhéanann na páistí úsáid a bhaint as an nGaeilge a mholadh agus a spreagadh.

Mar obair leantach ar an gceacht FCÁT, tá sé beartaithe ag an múinteoir machnamh na bpáistí a spreagadh ar fhoghlaim ag baint úsáid as FCÁT agus déanfaidh siad seo a chur le hullmhúchán ina dhiaidh sin. Sa deireadh, cuirfidh an múinteoir deiseanna leanúnacha ar fáil do na páistí athúsáid a bhaint as na frásaí nua i gcomhthéacsanna eile i rith na seachtaine.

## An Ceacht FCÁT

### Fócas na Foghlama

Ag baint leas as **eolas ar na páistí**, **oideolaíocht agus an curaclaim**, déan fócas na foghlama a aithint don Ghaeilge agus don ábhar nua ón ábhar nach teanga é, ag baint leas as Curaclam Teanga na Bunscoile agus as an tsonraíocht churaclaim a bhaineann leis an ábhar ábhartha nach teanga é. Déan taifead air seo san **ullmhúchán taifeadta**. Cinntigh go n-éascaíonn na heispéiris foghlama atá beartaithe forbairt teanga agus forbairt ábhair ag aon am amháin.

### Eispéiris Foghlama

Ar an ábhar go ndéantar FCÁT i nGaeilge, déan cinnte go bhfuil an t-ionchur intuigthe. Bain úsáid as **Gaeilge intuigthe shoiléir**. Bain úsáid as **athrá** agus **rudaí a rá ar bhealaí eile**. Tabhair **neart samplaí** más gá. Bain leas as **scafaill** chun tacú le tuiscint na bpáistí ar an ábhar.

### *Réamhrá*

1. **Téigh siar ar na focail/frásaí nua a tugadh isteach cheana féin.** Maidir le ranganna sóisearacha, smaoinigh ar chluichí cosúil leis An gCeann Corr nó úsáid a bhaint as málaí mothaithe chomh maith le rannta gníomhaíochta agus gníomhaíochtaí éisteachta agus freagartha. Le ranganna sinsearacha, is féidir cluichí cosúil le Leadógfhocal nó Críochnaigh an Abairt a úsáid. Féach Sceitimíní le cur síos iomlán a fháil ar na gníomhaíochtaí seo.
2. **Déan réamheolas na bpáistí ar ábhar an cheachta/na gceachtanna a ghníomhachtú** tríd an bhfoghlaim nua a nascadh le hábhar atá foghlamtha cheana féin. D'fhéadfadh mapáil coincheap nó cairteacha ABC (KWL charts) a bheith ina n-acmhainní úsáideacha leis seo a bhaint amach.

### *Forbairt*

1. **Tabhair an fhoghlaim nua isteach** ag baint úsáid as **Gaeilge intuigthe agus acmhainní ag leibhéal oiriúnach**. Tá leideanna ann maidir le hacmhainní a chruthú/a athrú do FCÁT ar leathanach 2 den ábhar tacaíochta seo. Cuir **athrá** agus **foghlaim ilchéadfach** leis an gcéim seo lena chinntiú **go dtuigeann páistí an t-ábhar**.
2. Bog ar aghaidh go dtí an tasc/gníomhaíocht a thugann deis do pháistí **úsáid a bhaint as focail/frásaí nua** chomh maith leis **an eolas atá acu ar an nGaeilge cheana féin** agus iad ag tabhairt faoi fhoghlaim a bhaineann le hábhar. Déan cur síos ar an tasc/gníomhaíocht in **abairtí gearra intuigthe** agus bain úsáid as **comharthaí coirp, athrá agus íomhánna nuair is gá**. Beidh na rudaí seo a leanas ag baint leis na tascanna/gníomhaíochtaí is éifeachtaí:
   - ✓ bain úsáid as **acmhainní ag leibhéal oiriúnach atá intuigthe** (féach leathanach 2 le haghaidh roinnt smaointe)
   - ✓ cinntigh go mbíonn páistí ag obair **i mbeirteanna/i ngrúpaí**
   - ✓ bíodh **struchtúr an-soiléir** in úsáid le treoracha soiléire leis an tasc a chur i gcrích
   - ✓ bíodh **tréimhsí ama** soiléire i bhfeidhm a comhaontaíodh ag tús an taisc
   - ✓ bíodh **róil** shoiléire ag gach páiste más cuí (smaoinigh ar úsáid a bhaint as rólchártaí)

Le linn an cheachta FCÁT, **spreag** iarrachtaí gach páiste cumarsáid a dhéanamh agus brí a bhaint as an nGaeilge. **Déan abairtí na bpáistí i mBéarla**

## Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)

**a athrá** i nGaeilge. Tá comhairle ar aiseolas ceartaitheach agus ar conas dul i ngleic leis ar fáil anseo. Le himeacht ama agus de réir mar a théann siad i dtaithí ar FCÁT, ba cheart go mbeidh an Béarla agus an Ghaeilge fite fuaite in abairtí na bpáistí. Tá sé seo go léir mar chuid den phróiseas foghlama. Tá sé úsáideach don mhúinteoir taifead a dhéanamh ar na focail agus na frásaí Béarla is comónta a mbaineann na páistí úsáid astu ionas gur féidir leo scafláil a dhéanamh orthu i nGaeilge i gceachtanna amach anseo.

3. De réir mar a ghlacann páistí páirt sa ghníomhaíocht/sa tasc, déan **monatóireacht ar dhul chun cinn agus tabhair aiseolas rialta**. Cuir seo in oiriúint do riachtanais teanga na bpáistí. D'fhéadfadh seo a bheith ag baint le haird a tharraingt ar struchtúir abairte/ghramadaí, cosúlachtaí a aithint idir an sprioctheanga agus an fhoghlaim nua srl.

**Déan measúnú ar an bhfoghlaim** a bhaineann leis an **nGaeilge** agus leis an **ábhair/réimse curaclaim** ar mhaithe le scafláil a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile chun foghlama. Ó thaobh teanga, aithin earráidí agus riachtanais teanga. San ábhar/réimse curaclaim, déan measúnú ar thuiscint agus déan machnamh ar luas agus ar ionchais agus meas an bhfuil nó nach bhfuil siad seo ag an leibhéal cuí maidir le suimeanna, riachtanais agus cumais na bpáistí. Maidir le machnamh an mhúinteora, d'fhéadfadh sé a bheith áisiúil machnamh a dhéanamh ar a dtaithí féin ag baint úsáid as FCÁT agus ar a dtaithí féin ar réimse curaclaim/ábhar a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

### *Conclúid*

1. **Déan athbhreithniú ar stór focal nua** agus tabhair an deis do pháistí **an teanga a bhí in úsáid in FCÁT a aistriú chuig comhthéacsanna eile**.
2. Spreag na páistí chun **plé a dhéanamh ar na frásaí/focail eile ar bhain na páistí úsáid astu** le linn an cheachta, chomh maith le frásaí/focail a aithníodh roimh ré. Tabhair deis do pháistí iad seo **a thaifeadadh nuair is cuí** agus bí ag smaoineamh ar **athbhreithniú a dhéanamh orthu amach anseo**.
3. Tabhair deis **machnamh a dhéanamh ar eolas, scileanna agus meonta** nua a foghlaimíodh sa réimse **ábhair/curaclaim** trí m.sh. féinmheasúnú, an C ar an gCairt ABC a chomhlíonadh srl.

> Agus machnamh á dhéanamh ar an gceacht FCÁT, ba cheart go gcinntíonn múinteoirí go dtógann na heispéiris foghlama ar fhoghlaim ábhair agus ar fhoghlaim teanga ó cheacht go ceacht chun tacú le tuiscint, sealbhú teanga srl. Déan machnamh freisin ar aiseolas a iarraidh ar pháistí ar a dtaithí féin ar fhoghlaim trí FCÁT agus bain úsáid as seo le bonn eolais a chur faoi ullmhúchán amach anseo.

## Acmhainní Féideartha

Is rogha acmhainní é seo thíos do scoileanna lán-Ghaeilge a d'fhéadfadh smaointe agus ábhar a chur ar fáil do mhúinteoirí do FCÁT i scoileanna Béarla. Ba cheart iad seo a athrú de réir mar a mheastar riachtanach bunaithe ar eolas an mhúinteora ar an gcuraclam, ar na páistí agus ar oideolaíocht.

- Drámaíocht: *Sceitimíní* (*lch*.27–41) ar fáil anseo
- Eolaíocht: Paca acmhainní (Fiosraigh an Eolaíocht), ar fáil i nGaeilge, anseo
- Tíreolaíocht: Féach Thart: Rogha de théacsanna gearra intuigthe i nGaeilge, d'fhéadfadh úsáid a bhaint astu chun stór focal a aithint do thopaicí éagsúla, ar fáil anseo
- Stair: Féach Thart: Rogha de théacsanna gearra intuigthe i nGaeilge, d'fhéadfadh úsáid a bhaint astu chun stór focal a aithint do thopaicí éagsúla, ar fáil anseo
- Spreag an Ghaeilge le Spraoi, ar fáil anseo

Ba cheart machnamh a dhéanamh ar amhráin, rannta agus dánta a úsáid chun príomhstór focal agus príomhchoincheapa a thabhairt isteach. Ba cheart úsáid a bhaint as leabhair mhóra agus pictiúrleabhair agus eispéiris FCÁT á n-ullmhú. Maidir le hacmhainní closamhairc, cuireann TG4 Foghlaim gearrthóga gearra físe ar fáil de ghníomhaíochtaí thar go leor ábhar/réimsí curaclaim éagsúla a d'fhéadfadh a bheith mar bhunús d'eispéiris foghlama FCÁT.

# Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)

## Frásaí Úsáideacha do Theanga Tacaíochta

Ba cheart go mbeadh an tacaíocht teanga bunaithe ar na Feidhmeanna Teanga atá liostaithe in Aguisín 2 i gCuraclam Teanga na Bunscoile. Agus frásaí oiriúnacha á roghnú agat le múineadh, cinntigh dul chun cinn i gcastacht frásaí de réir mar a théann páistí i dtaithí ar fhoghlaim trí Ghaeilge. Cinntigh go dtugtar deiseanna do pháistí úsáid a bhaint as teanga go cruthaitheach chun feidhmeanna teanga a chomhlíonadh freisin.
Tá baint ag na samplaí seo a leanas de fhrásaí le

- *Eolas a thabhairt agus a lorg*
- *Caidreamh sóisialta a dhéanamh*
- *Dearcadh a léiriú agus a lorg*

Easpa eolais a léiriú:

- *Conas a deirtear…?*
- *Cad is brí le…?*
- *Táim i bponc!*
- *An ndéarfaidh tú é sin arís, le do thoil?*

Caidreamh sóisialta a dhéanamh/dearcadh a léiriú agus a lorg: Frásaí maidir le bheith ag obair i mbeirteanna/i ngrúpaí:

- *Cad atá le déanamh againn?*
- *Tosaímid leis seo ar dtús.*
- *Cad a cheapann tú faoi seo?*
- *Is pointe suimiúil é sin.*
- *Coinnigh ort!*
- *Maith thú!*
- *Aontaím leat!*
- *Bain triail as seo.*

## Tacaíochtaí amhairc d'acmhainní FCÁT:

1. Is féidir úsáid a bhaint as amlíne chun imeachtaí scéil a thaispeáint in ord croineolaíoch.
2. Is féidir úsáid a bhaint as barrachairt chun cainníocht nó minicíocht a thaispeáint.
3. Tá tábla úsáideach chun eolas a rangú.
4. Is féidir úsáid a bhaint as scéalchlár chun imeachtaí éagsúla a phleanáil i scéal.
5. Is féidir bolgáin chainte a úsáid sa chás go bhfuil comhrá ann nó bolgáin smaoinimh chun smaointe a léiriú.
6. Cuireann timthriall léiriú físiúil ar fáil ar sheicheamh imeachtaí a tharlaíonn i sraith céimeanna, m.sh., saolré ainmhithe. D'fhéadfaí an léaráid seo a fheabhsú trí úsáid a bhaint as íomhánna lipéadaithe.
7. Taispeánann ceathrú an gaol atá ann idir athróga éagsúla.
8. Is féidir le T-chairteanna dhá athróg chodarsnacha a léiriú cosúil le buntáistí agus míbhuntáistí, argóintí ar son agus i gcoinne i ndíospóireacht.
9. Cruth réalta le *Cé? Cén fáth? Cad? Cathain? Cén áit?* Is féidir le ceisteanna cabhrú le páistí cuimhneamh ar imeachtaí scéil nó lena scéal féin a chumadh.

## Tagairtí

Cammarata, L. (2016) (Eag). *Content-based foreign language teaching. Curriculum and pedagogy for development advanced thinking and literacy skills.* Routledge.

Cenoz, J., Genesee, F., agus Gorter, D. (2014). Critical Analysis of CLIL: Taking Stock and Looking Forward. *Applied Linguistics*, 35(3), 243–262.

Coyle, D. (2013). Listening to learners: an investigation into 'successful learning' across CLIL contexts. International journal of bilingual education and bilingualism, 16(3), 244–266.

Coyle, D., Hood, P., agus Marsh, D. (2010). CLIL: *Content and language integrated learning*. Cambridge: Cambridge University Press.

de Zarobe, Y. R. (2013). CLIL implementation: from policy-makers to individual initiatives. *International journal of bilingual education and bilingualism*, 16(3), 231–243.

# Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)

Donato, R. (2016). Sociocultural theory and content-based foreign language instruction. Theoretical insights on the challenge of integration. In Cammarata, L. (Eag) *Content-based foreign language teaching: Curriculum and pedagogy for developing advanced thinking and literacy skills.* NY: Routledge, lgh 25–51.

Harris, J., agus Ó Duibhir, P. (2011). *Múineadh Éifeachtach Teangacha. Sintéis ar thaighde.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Jiménez Catalán, R. M., agus de Zarobe, Y. R. (2009). The receptive vocabulary of EFL learners in two instructional contexts: CLIL versus non-CLIL instruction. In Y. R. de Zarobe agus R. M. Jiménez Catalán (Eds.), *Content and language integrated learning: Evidence from research in Europe* (pp. 81–92). Bristol: Multilingual Matters.

Lyster, R. (2007). *Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach* (Iml. 28). Amsterdam: John Benjamins.

Marsh, D. (2002). *CLIL/EMILE-The European Dimension: Actions, Trends and Foresight Potential.* An Coimisiún Eorpach.

Ní Dhiorbháin, A. agus Ní Bhaoill, M. (2018). Taithí múinteoirí faoi oiliúint ar an bhfoghlaim chomhtháite ábhar agus teangacha. *Comhar Taighde*, 4, 1–13. https://doi.org/10.18669/ct.2018.02

Ó Ceallaigh, T. J., Ní Mhurchú, S. agus Ní Chróinín, D. (2017). Balancing content and language in CLIL. Journal of Immersion and Content-Based Language Education, 5(1), 58–86, https://doi.org/10.1075/jicb.5.1.03oce

Ó Laoire, M. (2016) Tumoideachas agus FCÁT i gcomhthéacs mhúineadh na Gaeilge i gcóras oideachais na hÉireann, in Ó Ceallaigh, T. J. agus Ó Laoire, M. (eag.) *An Tumoideachas: Bua nó Dua?* An Chéad Chomhdháil Taighde Uile-oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, lch.124–132.

Sylvén, L. K. (2019). Investigating Content and Language Integrated Learning. Insights from Swedish High Schools. *Apples – Journal of Applied Language Studies*, 13(2), 71–76. https://doi.org/10.17011/apples/urn.201905092525

Ting, Y.-L. T. (2010). CLIL appeals to how the brain likes its information: Examples from CLIL-(neuro) science. *International CLIL Research Journal*, 1(3), 3–18.

Costa, F., agus D'Angelo, L. (2011). *CLIL: A suit for all seasons?* Latin American Journal of Content & Language Integrated Learning, 4(1), 1–13. doi:10.5294/laclil.2011.4.1.1 ISSN 2011-6721



Leagan leasaithe arna fhorbairt i gcomhar le Claire Dunne, Institiúid Oideachais Marino (Bunleagan le hÍde Ruaidh, Lorraine Connaughton-Crean, An Dr Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)